AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2024
COM(2024) 207 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún faoi Threoir 2009/45/EC maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeáin le haghaidh long paisinéirí, Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu agus Treoir (AE) 2017/2110/AE maidir le córas cigireachtaí ar longa paisinéirí róró agus ar árthaí paisinéirí ardluais i seirbhísí rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle

Clár Ábhar

1. **Treoir 2009/45/CE ó maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (Treoir 2009/45)** 3

1.1. Réamhrá 3

1.2. Bunús dlí 4

1.3. Tarmligean a fheidhmiú 4

1.4. Conclúidí 4

2. **Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (Treoir 98/41)** 5

2.1. Réamhrá 5

2.2. Bunús dlí 5

2.3. Tarmligean a fheidhmiú 6

2.4. Conclúidí 6

3. **Treoir (AE) 2017/2110 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (Treoir 2017/2110** 6

3.1. Réamhrá 6

3.2. Bunús dlí 6

3.3. Tarmligean a fheidhmiú 7

3.4. Conclúidí 7

1. Treoir 2009/45/CE ó maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (Treoir 2009/45) [1]

1.1. Réamhrá

Leasaíodh Treoir 2009/45/CE in 2017 le Treoir (AE) 2017/2108[2]. Le hAirteagal 10(3) de Threoir 2009/45 mar a leasaíodh, tugtar an chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10a. Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 7 mbliana ón 20 Nollaig 2017. Tiocfaidh deireadh leis an gcéad tréimhse 7 mbliana an 20 Nollaig 2024.

Na gníomhartha tarmligthe a bhfuil cumhacht tugtha don Choimisiún ina leith, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leo:

- Leasuithe ar Threoir 2009/45, chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), ar na nithe seo a leanas:

  - na sainmhínithe ar 'Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta', 'Cód Cobhsaíochta Sláine', 'Cód Sábháilteachta Idirnáisiúnta le haghaidh Árthaí Ardluais', 'Córas Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS)' agus 'eagraíocht aitheanta',

  - na forálacha a bhaineann le nósanna imeachta agus le treoirlínte do shuirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 12 a bhfuil ceanglas ar an Stát brataí a dhéanamh,

  - na forálacha a bhaineann le Coinbhinsiún SOLAS3, mar a leasaíodh, agus leis an gCód le haghaidh Árthaí Ardluais,

  - roinnt tagairtí sonracha do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus rúin IMO.

-Leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2009/45/AE chun:

  - leasuithe a rinneadh ar na Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, chun críche Threoir 2009/45;

  - coigeartú a dhéanamh, i bhfianaise taithí, ar na sonraíochtaí teicniúla atá sna leasuithe a rinneadh ar na Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta i gcás longa d'aicme B, C nó D agus árthaí,

  - eilimintí teicniúla a shimpliú agus a shoiléiriú, i bhfianaise taithí a fuarthas óna gcur chun feidhme;

  - nuashonrú a dhéanamh ar na tagairtí d'ionstraimí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le longa paisinéirí intíre.

[1] IO L 163, 25.6.2009, lgh. 1–140

[2] Treoir (AE) 2017/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí, IO L 315, 30.11.2017, lgh. 40-51

[3] An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS), 1974

1.2. Bunús dlí

I gcomhréir le 10a(2) de Threoir 2009/45/AE, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana. Tá tarmligean na cumhachta le fadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

1.3. Tarmligean a fheidhmiú

D'fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar cumhacht í a thugtar dó le Treoir 2009/45/CE, uair amháin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí, a mhéid a bhaineann le longa paisinéirí i mbun turais intíre[4].

Le Rialachán Tarmligthe 2020/411, cuirtear leaganacha leasaithe in ionad Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Treoir 2009/45/CE. Bhí an méid seo a leanas mar bhonn cirt don leasú ar na hIarscríbhinní:

- Leasaíodh na coinbhinsiúin idirnáisiúnta dá dtagraítear i Treoir 2009/45/CE. Thairis sin, léirítear in athbhreithniú mionsonraithe ar ghnéithe teicniúla sna hIarscríbhinní gur fágadh roinnt leasuithe ar Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta ar lár.
- An sainmhíniú ar 'ábhar coibhéiseach' i dTreoir 2009/45, leasaíodh é le Treoir 2017/2108[5] chun longa alúmanaim a chur faoina raon feidhme. Chun cur chun feidhme comhchuibhithe a áirithiú, bhí sé riachtanach soiléirithe teicniúla a chur isteach sna hIarscríbhinní maidir le longa alúmanaim.
- Le Treoir (AE) 2017/2108, rinneadh longa paisinéirí is giorra ná 24 mhéadar a eisiamh ó raon feidhme Threoir 2009/45, agus mar sin b'éigean na ceanglais theicniúla do na longa sin a scriosadh ó Iarscríbhinn I.
- Ba léir ó thaithí a fuarthas go raibh débhríochtaí agus neamhréireachtaí sna ceanglais theicniúla a bhain le tagairtí a bheith ar lár nó mícheart.
- Ar mhaithe le simpliú, agus cuid de na ceanglais á nuashonrú, rinneadh Iarscríbhinn I a athstruchtúrú i ndá chuid.

1.4. Conclúidí

D'fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go héifeachtach agus go comhréireach de réir Treoir 2009/45.

[4]IO L 83, 19.3.2020, lgh. 1–236

[5] Treoir (AE) 2017/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) IO L 315, 30.11.2017, lgh. 40-51

I bhfianaise éabhlóid leanúnach na gceanglas teicniúla idirnáisiúnta is infheidhme le longa paisinéirí, rudaí ar bhonn iad do na ceanglais a shainínítear faoi dhlí an Aontais le haghaidh longa paisinéirí intíre, tá dóchúlacht mhór ann go mbeidh ar an gCoimisiún a chumhachtú a úsáid go luath amach anseo.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, measann an Coimisiún gur cheart tarmligean na cumhachta a thugtar dó le hAirteagal 10(3) de Threoir 2009/45 a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhse 7 mbliana, i gcomhréir le hAirteagal 10a(2).

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

2. Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (Treoir 98/41) [6]

2.1. Réamhrá

Leasaíodh Treoir 98/41 in 2017 le Treoir (AE) 2017/2109[7]. Le hAirteagal 12 de Threoir 98/41 mar a leasaíodh, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ionas nach gcuirfear leasú i bhfeidhm, chun críche na Treorach seo, ar na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 98/41. i.e. Coinbhinsiún SOLAS agus an Cód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta. Tugtar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 7 mbliana ón 20 Nollaig 2017. Tiocfaidh deireadh leis an gcéad tréimhse 7 mbliana an 20 Nollaig 2024.

Féadfaidh tarmligean na cumhachta a úsáid in imthosca eisceachtúla, i gcás ina dtugtar údar cuí leis trí anailís iomchuí arna déanamh ag an gCoimisiún agus chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha don tsábháilteacht mhuirí a sheachaint, nó chun neamhréireacht le reachtaíocht mhuirí an Aontais a sheachaint.

2.2. Bunús dlí

I gcomhréir le 12a(2) de Threoir 98/41/AE, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana. Tá tarmligean na cumhachta le fadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

[6] IO L 188, 2.7.1998, lgh. 35–39

[7] Treoir (AE) 2017/2109 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Treoir 98/41/CE ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu agus Treoir 2010/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe le haghaidh long atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát, IO L 315, 30.11.2017, lgh. 52-60

2.3. Tarmligean a fheidhmiú

Níor fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Treoir 98/41/CE.

2.4. Conclúidí

Creideann an Coimisiún, cé nár fheidhmigh sé tarmligean na cumhachta a thugtar dó le hAirteagal 12 de Threoir 98/41 go dtí seo, gur cheart an tarmligean a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhse 7 mbliana, i gcomhréir le hAirteagal 12a(2).

Bíonn na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2 ag síorathrú agus ní féidir a chur as an áireamh go mbeidh, faoi imthosca eisceachtúla dá dtagraítear in Airteagal 12, ar an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

3. Treoir (AE) 2017/2110 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (Treoir 2017/2110)[8]

3.1. Réamhrá

Le hAirteagal 12 de Threoir 2017/2110, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 7 mbliana ón 20 Nollaig 2017. Tiocfaidh deireadh leis an gcéad tréimhse 7 mbliana an 20 Nollaig 2024.

Féadfaidh tarmligean na cumhachta a úsáid:

- chun na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2017/2110 a leasú chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe laistigh de IMO, agus na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leo a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas
- in imthosca eisceachtúla, chun Treoir 2017/2110 a leasú ionas nach gcuirfear leasú i bhfeidhm chun críche na Treorach seo ar na hionstraimí idirnáisiúnta, ar choinníoll go mbeidh údar leis an leasú chun bagairt thromchúiseach dho-ghlactha don tsábháilteacht mhuirí, don tsláinte, dálaí maireachtála nó oibre ar bord loinge, nó don mhuirthimpeallacht a sheachaint, nó chun neamhréireacht le reachtaíocht mhuirí an Aontais a sheachaint.

3.2. Bunús dlí

I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Threoir 2017/2110/AE, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana. Tá tarmligean na cumhachta le fadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na

[8]IO L 315, 30.11.2017, lgh. 61–77

hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3.3. Tarmligean a fheidhmiú

Níor fheidhmigh an Coimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, cumhacht a thugtar dó le Treoir (AE) 2017/2110.

3.4. Conclúidí

Creideann an Coimisiún, cé nár fheidhmigh sé tarmligean na cumhachta a thugtar dó le hAirteagal 12 de Threoir 2017/2110 go dtí seo, gur cheart an tarmligean sin a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhse 7 mbliana, i gcomhréir le hAirteagal 13(2).

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.